Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 9

# Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile riartha ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €13,230,169 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Sócmhainní caipitil: feithiclí agus trealamh***

Cuirtear feithiclí urghafa a dílsíodh chuig na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh sna sócmhainní caipitil ag luach an mhargaidh oscailte ag am an dílsithe agus dímheastar iad ag ráta 20% per annum de réir na líne dírí.

Dímheastar cuitéar an Chustaim ag ráta 5% per annum de réir méid chothroim.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta a thabhairt seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Roinnte maidir le soláthar seirbhísí roinnte Acmhainní Daonna agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le soláthar seirbhísí roinnte Párolla. Tugann na litreacha dearbhú go bhfuil na rialuithe cuí á gcleachtadh i soláthar seirbhísí roinnte don Oifig seo.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid de na heilimintí seo a leanas

- tá freagrachtaí airgeadais agus cuntasacht chomhfhreagrach sannta ag leibhéal na bainistíochta
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí as bainistiú airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairiscíocht bainistithe***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Tá córas bainistithe riosca i bhfeidhm san Oifig le rioscaí féideartha a aithint agus lena chinntiú go bhfuil straitéis maolaithe cuí ar bun
  - airítear ar na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú
    - struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim
    - an timpeallacht a scannadh lena chinntiú go mbíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoin nithe a mbíonn tionchar acu ar riosca
    - pleanáil chomhtháite straitéiseach/gnó agus córas Bainistithe Riosca a dhéanann athbhreithniú rialta ar rioscaí ag leibhéal na hEagraíochta, na Rannóige agus an Bhrainse
    - modheolaíochtaí bainistithe tionscadail do gach tionscadal suntasach.
- Córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail foirmiúla ann.
- Cinntíonn an Oifig go gcuirtear fócas iomchuí ar an dea-chleachtas agus ceannaigh á ndéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Tá an Oifig comhlíontach seachas i gcás cheithre chonradh ar luach iomlán de €584,526 a bronnadh gan tairiscint iomaíoch. Cuireadh na conarthaí seo san áireamh i dtuairisceán Chiorclán 40/2002 ós rud é go bhfuil siad thar an tairseach tuairisceoireachta de €25,000 agus gur bronnadh iad gan tairiscint iomaíoch ar na cúiseanna seo a leanas
    - rinneadh tar-rolladh ar chonradh amháin ar luach iomlán €420,401 ó phróiseas tairisceana iomaíche a rinneadh roimhe seo
    - conradh amháin ar luach iomlán de €46,802 a bronnadh ar sholáthraí aonair
    - dhá chonradh ar luach iomlán €117,323 a bronnadh ar chúiseanna eile.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir Chairt Iniúchta Inmheánaí scríofa foirmiúil. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

27 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

4 Meán Fómhair 2015

# Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | **Riarachán agus Bailiú Cánacha, Dleachtanna agus Bainistiú Teorann** | **393,429** | **385,294** | **393,062** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **72,966** | **78,061** | **78,637** |
| | **Glanchaiteachas** | **320,463** | **307,233** | **314,425** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 13,230,169 | 8,280,139 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 283,103 | 285,655 | 287,564 |
| ii | Taisteal agus cothú | 3,500 | 3,606 | 3,371 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | 16,000 | 19,899 | 17,368 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 11,100 | 9,928 | 10,535 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 49,950 | 46,503 | 52,623 |
| vi | Costais áitribh oifige | 5,950 | 6,882 | 7,021 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 45 | 43 | 25 |
| viii | Mótarfheithiclí agus cothabháil trealaimh | 2,000 | 2,481 | 3,526 |
| ix | Luaíocht, táillí agus muirir dlí | 13,600 | 9,868 | 10,437 |
| x | Cúiteamh agus caillteanais | 481 | 429 | 437 |
| *xi* | *Uachtaránacht an AE* | — | — | *155* |
| | | 385,729 | 385,294 | 393,062 |

# Nótaí i leith an Chuntais Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 285,655 | 287,564 |
| Neamhphá | | 99,639 | 105,498 |
| **Ollchaiteachas** | | **385,294** | **393,062** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **78,061** | **78,637** |
| **Glanchaiteachas** | | **307,233** | **314,425** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ar cheannacháin | (5,556) | | |
| Dímheas | 16,185 | | |
| Airgead ar dhiúscairtí | 12 | | |
| (Gnóthachan) ar dhiúscairtí | (6) | | |
| | | 10,635 | 9,740 |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (8,127) | (13,392) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,124) | | |
| Laghdú ar stoc | 24 | | |
| | | (1,100) | 7,038 |
| **Caiteachas díreach** | | **308,641** | **317,811** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead) (nóta 1.1) | | 83,963 | 72,533 |
| Measchíosanna (neamhairgid) | | 9,220 | 10,993 |
| **Costas glan clár** | | **401,824** | **401,337** |

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Tá méid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta a leanas maidir le Vóta 9 a tabhaíodh in áit eile agus méideanna a íoctar ar an Vóta maidir le seirbhísí eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | | 66,650 | 55,194 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 19,154 | 20,191 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas | | 1,045 | — |
| | | 86,849 | 75,385 |
| Seirbhísí a sholáthair na Coimisinéirí gan muirear[a] | m | (2,886) | (2,852) |
| | | **83,963** | **72,533** |

[a] I dteannta seirbhísí gan muirear (€2.89 milliún) do Vótaí eile, cuireadh seirbhísí ar luach thart ar €831,000 ar fáil gan muirear do neamh vótáil chomhlachtaí. Ciallaíonn “m” gur luach measta nó costas cionroinnte é an uimhir.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 62,683 | 62,512 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 1,625 | 4,282 |
| | | **64,308** | **66,794** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 5,539 | 10,297 |
| Stoic | 2.5 | 1,518 | 1,542 |
| Réamhíocaíochtaí | | 7,047 | 6,991 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,658 | 1,946 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 5,462 | 1,026 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **22,224** | **21,802** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 3,855 | 4,194 |
| Ioncam iarchurtha | | 81 | 80 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 10,552 | 11,183 |
| Glandliteanas dlite don Státchiste | 2.8 | 449 | 140 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **14,937** | **15,597** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **7,287** | **6,205** |
| **Glansócmhainní** | | **71,595** | **72,999** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **71,595** | **72,999** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2014 €000** | **2013 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 72,999 | 76,385 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 320,463 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (13,230) | | |
| Vóta glan | | | 307,233 | 314,425 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 83,963 | 72,533 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 9,220 | 10,993 |
| Nithe neamhairgid eile – feithiclí a urghabháladh | | | 4 | — |
| Costas glan clár | 1 | | (401,824) | (401,337) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **71,595** | **72,999** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 13,489 | 392,488 | 55,200 | 461,177 |
| Breiseanna | 604 | 13,926 | 1,838 | 16,368 |
| Diúscairtí | (314) | (2,022) | (22) | (2,358) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 13,779 | 404,392 | 57,016 | 475,187 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | 10,701 | 338,029 | 49,935 | 398,665 |
| Dímheas don bhliain | 540 | 14,440 | 1,205 | 16,185 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (308) | (2,020) | (18) | (2,346) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2014 | 10,933 | 350,449 | 51,122 | 412,504 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **2,846** | **53,943** | **5,894** | **62,683** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **2,788** | **54,459** | **5,265** | **62,512** |

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt**

| ag 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhairí in-tí |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ag 1 Eanáir 2014 | 4,282 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 8,127 |
| Aistrithe go clár sócmhainní | (10,784) |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ag 31 Nollaig 2014 | 1,625 |

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 5,611 | 10,376[a] |
| Iarmhéideanna cuntais bhainc tráchtála | 8 | 1[a] |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (80) | (80) |
| | 5,539 | 10,297 |

[a]Coigeartú ar chur i láthair na bliana roimhe chun comparáid a cheadú.

| **2.5 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht agus stóir bheaga | 593 | 705 |
| Ábhar Inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 477 | 420 |
| Trealamh/éadaí/ilghnéitheach | 448 | 417 |
| | 1,518 | 1,542 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airleacain ar fhoirgneamh comhroinnte | 211 | 181 |
| Airleacain do chríocha costas taistil agus cothabhála | 6 | 11 |
| Suimeanna atá dlite don OOP d'oibreacha tógála, srl. | 291 | 564 |
| Míreanna ilghnéitheacha ar fionraí | 775 | 170 |
| Vóta 10 Na Coimisinéirí Achomhairc | 114 | 100 |
| Fionraí párolla | 4,065 | — |
| | 5,462 | 1,026 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suimeanna atá dlite don/(ón) Stát | | |
| Cáin ioncaim | 4,086 | 4,112 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,480 | 1,439 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 457 | 1,124 |
| Cáin Bhreisluacha | 275 | 467 |
| Cáin Chonarthaí Ábhartha | (3) | — |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 53 | 36 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 683 | 569 |
| Fáltais bhreise Státchiste | 410 | 366 |
| | 7,441 | 8,113 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 2,868 | 2,854 |
| Caiteachas infhorchúitithe roimh ré | 187 | 201 |
| Míreanna eile creidmheasa ar fionraí | 56 | 15 |
| | 10,552 | 11,183 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 13,230 | 8,280 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (12,781) | (8,140) |
| Glandliteanas don Státchiste | 449 | 140 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 5,539 | 10,297 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 5,462 | 1,026 |
| | 11,001 | 11,323 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (7,441) | (8,113) |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | (3,111) | (3,070) |
| | (10,552) | (11,183) |
| | | |
| | 449 | 140 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Fotheidil soláthair | 6,311 | 963 |

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur tháinig ardú níos mó ná €500,000 ar cheangaltais ilbhliantúla idir 2013 agus 2014

| **Cur síos** | **€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Conarthaí saoráidí ilbhliantúla | 4,625 | Ceangaltais chonartha ardaithe ag eascairt as conarthaí athnuaite a bheidh i bhfeidhm go dtí 2018. |

## 3 Caiteachas Cláir de réir fotheidil

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Riarachán agus bailiúchán cánacha, dleachtanna agus bainistiú teorann** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 283,103 | 285,655 | 287,592 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 102,626 | 99,639 | 105,470 |
| A.3 | Scéim Deontais um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe | 7,700 | — | — |
| | | 393,429 | 385,294 | 393,062 |

**Míniú ar Athruithe Suntasacha**

Tugtar míniú i gcás gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 agus breis is 25% amach ón tsuim mheasta.

| **Tuairisc** | **Níos lú/ (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Scéim Deontais um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe | 7,700 | Ní dheachthas ar aghaidh leis an scéim seo i 2014 ós rud é gur éiligh sí réiteach ceisteanna suntasacha dlí sula gcuirfí i bhfeidhm í. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an Scéim Árachais Sóisialach Pá-Choibhneasta | 37,437 | 37,437 | 37,437 |
| 2. | Fíneálacha, forghéilleanna nó costais dlí aisghafa | 4,000 | 3,664 | 3,598 |
| 3. | Uimhreacha le caomhnú | 58 | 131 | 93 |
| 4. | Fáltais maidir le bailiúchán an Tobhaigh Chomhshaoil | 400 | 399 | 399 |
| 5. | Sciar an chostais bailithe SASP (Údarás Aonair ar mhaithe le Nósanna Imeachta Simplithe) | 13,000 | 18,204 | 17,850 |
| 6. | Míreanna ilghnéitheacha | 2,124 | 2,545 | 2,754 |
| 7. | Fáltais ó laghdú a bhaineann le pinsean ar fháltais seirbhíse poiblí maidir le foireann státseirbhíse. | 15,947 | 15,681 | 16,506 |
| | **Iomlán** | **72,966** | **78,061** | **78,637** |

**Míniú ar Athruithe Suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 amach agus breis is 5% amach ón tsuim mheasta.

| **Teideal** | **Níos lú/ (níos mó) ná an tsuim mheasta €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fíneálacha, forghéilleanna, costais dlí aisghafa | 336 | Deacair meastachán cruinn a thabhairt de bharr éiginnteachta maidir le méideanna agus uainiú fáltas. |
| Sciar de chostas bailithe SASP | (5,204) | Léiríonn costais bhailithe i ndáil le Dleachtanna Custaim. Deacair meastachán a thabhairt de bharr go mbaineann íocaíochtaí le luach na n-allmhairí ag cuideachtaí príobháideacha. |
| Ilghnéitheach | (420) | Ardú mar gheall ar thionchar chéad bhliain iomlán na Scéime Aisíocaíochta Easpórtála VRT. |

**4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 366 | 137 |
| Airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994. | 844 | 515 |
| Fáltais ó chion na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frithghóchumtha/frithchontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní. | 667 | 601 |
| Ús bainc | 55 | 30 |
| Géilleadh deonach an tuarastail faoi Alt 483 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. | 14 | 15 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (1,536) | (932) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 410 | 366 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 5,787 | 5,868 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 265,409 | 265,521 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 3,851 | 3,887 |
| Ragobair | 3,194 | 5,383 |
| ÁSPC an Fhostóra | 13,201 | 12,801 |
| **Pá iomlán** | **285,655** | **287,592** |

Áirítear ar an líon foirne ag deireadh na bliana 2014 140 Oifigigh Cléireachais sealadach (2013:113) a bhí gafa le riarachán a dhéanamh ar Cháin Mhaoine Áitiúil.

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2014 | 2013 |
| | | | € | € |
| Ard-Dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 161 | 12 | 17,602 | 19,568 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,817 | 103 | 26,870 | 27,348 |
| Liúntais le haghaidh uainoibre agus as a bheith ar uainchlár | 175 | 26 | 22,015 | 22,756 |
| Míreanna Ilghnéitheacha | 77 | 1 | 10,232 | 11,305 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Dámhachtainí Feidhmíochta**

San iomlán caitheadh €81,167 ar Scéimeanna Aitheantais Foirne, i.e. 1,395 dámhachtain aonair, arbh fhiú idir €25 agus €400 iad.

**5.3 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

B'ionann an costas gan forchúiteamh a bhain le foireann an Choimisinéara Ioncaim a bhí ar iasacht do ranna/gníomhaireachtaí eile agus €447,241 (2013: €385,719).

Íocadh líon iomlán de €51,150 in 2014 le 23 ball foirne i ndáil le dualgais a rinneadh le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2013 (Tag. Ciorclán DPE071/17/13).

| **5.4 Ró-Íocaíochtaí ag eascairt mar gheall ar mhoilleanna i dtreoracha tuarastal** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 259,680 | 297,814 |
| Ró-íocaíochtaí sa mbliain | 788,373 | 78,924 |
| Forchúitimh | (265,880) | (117,058) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 782,173 | 259,680 |

B'ionann an líon ró-íocaíochtaí gan íoc ag 31 Nollaig 2014 agus 555 (2013:154).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Nithe a Díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas i rith na bliana:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stoc as Feidhm | 42 | 12 |
| Iarmhéid cuntas fionraí re: óinchistí | — | 6 |

### 6.2 Maoiniú AE

Fuarthas ceithre dheontas arbh fhiú €147,511 in iomlán iad ón Oifig Frith-Chalaoise Eorpach chun madra brathadóireachta, trealamh faireachais, veain x-gha shoghluaiste agus trealamh x-gha a cheannach.

### 6.3 Costais Dlíthiúla, Táillí agus Duaiseanna (fotheideal A (ix))

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Rangaítear costais dlí a íocadh i rith na bliana mar seo a leanas: | | |
| Dlíodóirí Seachtracha | 5,447 | 5,348 |
| Táillí Abhcóide | 1,820 | 1,796 |
| | | |
| Táillí agus costais eile | | |
| Costais Féimheachta/leachtaithe | 1,978 | 1,698 |
| Táillí cúirte | 2 | 988 |
| Costais agus duaiseanna ilghnéitheacha | 621 | 607 |
| | 9,868 | 10,437 |

### 6.4 Costais Chúitimh (fotheideal A (x))

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais Chúitimh | 429 | 437 |

Íocadh cúiteamh €286,641 (2013: €255,317) i ndáil le caingne dlí a thug daoine.

Íocadh €135,569 in iomlán (2013: €179,715) i ndáil le héilimh chúitimh a rinne baill foirne agus ar tugadh fúthu tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

### 6.5 Dliteanas Teagmhasach

Tá dliteanais theagmhasacha €2.1 milliún ag na Coimisinéirí Ioncaim (2013: €1.7 milliún).